

**RABHADH**

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

**STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL  
(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

STAMPA AN IONAIID

SCRÚDUIMHIR AN  
IARRTHÓRA

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA  
ATÁ ANN CHUIGE SIN I DO FHREAGARLEABHAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

[Thall

**1. PICTIÚIR**  
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B1, B2 agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **PICTIÚR A**

*Taispeánann Pictiúr A seandálaithe ag obair ar láithreán seandálaíochta.*

(i) Cén sórt oibre atá ar bun ag an seandálaí a bhfuil **X** marcáilte air sa phictiúr?

.....  
.....(2)

(ii) Cad atá na seandálaithe tar éis a fháil amach, dar leat?

.....  
.....(2)

(iii) Tabhair sampla **amháin** ón bpictiúr ar an gcaoi a ndéanann seandálaithe eolas a chláru.

.....  
.....(3)

(iv) Ainmnigh modh **amháin** a d'úsáidfeadh seandálaí chun dáta a chur le nithe a dtiocfaí orthu ar láithreán seandálaíochta.

.....  
.....(4)

(b) **PICTIÚR B1 agus PICTIÚR B2**

*Séard atá i bPictiúr B1 ná péintéireacht ar a dtugtar “Cimabue Maestá” le Cenni di Peppi (1285/1286). Péintéireacht ar a dtugtar an “Alba Madonna” le Raphael (1511) atá i bPictiúr B2.*

(i) Cé acu den dá phictiúr, B1 nó B2, gur sampla é ó thréimhse an Renaissance?

(Cuir tic ✓ sa bhosca ceart)

**Pictiúr B1**  **Pictiúr B2**  (2)

Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1:..... (3)

.....

Cúis 2:..... (3)

.....

- (ii) Cés moite díobh sin thuas, ainmnigh ealaíontóir **amháin** ón Renaissance agus ainmnigh saothar **amháin** ón ealaíontóir sin.

Ealaíontóir:.....

Saothar:..... (4)

(c) **PICTIÚR C**

*Póstaer is ea Pictiúr C ó aimsir an Dara Cogadh Domhanda.*

- (i) Luaigh **dhá** phíosa comhairle a thugtar i bPictiúr C.

.....  
.....  
.....  
.....(4)

- (ii) Cén fáth a gceapann tú go ndearnadh ciondáil ar bhia le linn cogaidh?

.....  
.....  
.....  
.....(4)

- (iii) Cés moite de chiondáil bia, tabhair **dhá** shampla ar an gcaoi ar chuir an cogadh isteach ar shaol an ghnáthdhuine.

.....  
.....  
.....  
.....(4)

<b>2. DOICIMÉID</b> (35 marc)
----------------------------------

Déan staidéar ar an dá dhoiciméad, 1 agus 2, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **Doiciméad 1**

*Sliocht is ea é seo a tógadh as liosta na gcimí i bPríosún Chill Mhaighneann i rith an Ghorta Mhóir, 1847.*

- (i) Cén pionós a cuireadh ar Liam Ó Cinnsealaigh as a bheith ag lorg déirce?  
.....  
.....(2)
  
- (ii) Ainmnigh banphríosúnach **amháin** a bhí pósta freisin.  
.....(2)
  
- (iii) Cé mhéid de na cimí nach raibh léamh ná scríobh acu?  
.....(2)
  
- (iv) Ón doiciméad, tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann gur bhochtáin iad na cimí.  
.....(3)
  
- (v) Ainmnigh cime a rinne coir a shamhlófá leis an nGorta Mór.  
Cime.....  
Coir..... (4)
  
- (vi) Tabhair cúis **amháin** go ndeachaigh an oiread sin daoine ar imirce i rith na 1850idí.  
.....  
.....  
.....(4)

(b) **Doiciméad 2**

*Sliocht is ea é seo as leabhar Bhriain Mhic Mhathúna "The Master". Déanann sé cur síos ann ar conas mar a bhí an saol i scoil sna 1930idí.*

(i) Cé mhéid buachaillí a bhí á múineadh i Halla Naomh Pádraig?

.....  
.....(2)

(ii) Cén chaoi a ndéantaí an halla a théamh?

.....  
.....(2)

(iii) Cé hiad na daltaí **nach** raibh cosnochta?

.....  
.....(2)

(iv) *"Ní bhainfidh mé díom mo chasóg duitse ná do éinne eile."*  
Cén chúis a thug an scríbhneoir gur dhiúltaigh an buachaill a chasóg a bhaint de?

.....  
.....(2)

(v) *"Níor bhac mé a thuilleadh leis mar ghnó."*  
Tabhair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an scríbhneoir gan bacaint a thuilleadh leis an ngnó maidir leis an mbuachaill nach mbainfeadh de a chasóg.

.....  
.....(2)

(vi) *"Tráth ba ea é a raibh salachar dochreidte ann."*  
Ón gcuntas, tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann go bhfuil an ráiteas sin fíor.

.....  
.....  
.....  
.....(4)

(vii) Ainmnigh **dhá** shlí ina bhfuil gnáthshaol sna scoileanna tar éis athrú ó na 1930idí.

.....  
.....  
.....  
.....(4)

### 3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ

(60 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

- (i) An téarma *Réamhstair* tá sé ag tagairt don am sular cuireadh tús le scríbhneoireacht. Fíor nó Bréagach?  
..... (6)
- (ii) Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart thíos.  
Cuntas ó *fhinné súl*, sampla is ea é de cheann díobh seo a leanas?  
(a) Foinse Phríomha  (b) Foinse Thánaisteach  (6)
- (iii) Ainmnigh áit **amháin** ina bhfuil *déantáin stairiúla* ar taispeáint don phobal.  
..... (6)
- (iv) Cén fáth go dtugtar an *Chlochaois* ar an tréimhse i dtús ama?  
..... (6)
- (v) Ainmnigh **dhá** mhíotal a meascadh le chéile chun *cré-umha* a dhéanamh.  
..... (6)
- (vi) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Ré na gCeilteach in Éirinn.  
*Fulacht Fia; Ogham; Crannóg.*  
.....  
..... (6)
- (vii) Cad chuige a raibh cloigtheach i mainistreacha in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta?  
..... (6)
- (viii) Cérbh iad na daoine ba thúisce a thóg caisleáin in Éirinn?  
Cuir **X** sa bhosca in aice leis an bhfreagra ceart thíos.  
(a) Na Ceiltigh  (b) Na Lochlannaigh  (c) Na Normannaigh  (6)
- (ix) Cad a thuigtear le seirf ar mhainéar sa Mheánaois?  
..... (6)
- (x) Sa Mheánaois, cén eagraíocht a shocraigh praghsanna agus a rinne cinneadh i dtaobh cé bheadh ina cheardaí?  
..... (6)
- (xi) De ghnáth bhíodh patrúin ag ealaíontóirí an Renaissance. Cad a thuigtear le patrún?  
..... (6)

- (xii) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Renaissance agus ceann **amháin** de shaothair an scríbhneora sin.

Scríbhneoir.....  
Saothar .....(6)

- (xiii) Luaigh **dhá** mhíchleachtas san Eaglais Chaitliceach roimh an Reifirméisean.

.....  
..... (6)

- (xiv) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus luaigh ceann **amháin** de na pointí creidimh a bhí aige.

Leasaitheoir .....  
Pointe Creidimh ..... (6)

- (xv) Maidir le ceann **amháin** de na réabhlóidí i *Meiriceá*, nó sa *Fhrainc* nó in *Éirinn* i rith an ochtú haois déag, ainmnigh *ceannaire* a bhí ar an réabhlóid agus *aidhm* amháin a bhí aige.

Ceannaire.....  
Aidhm..... (6)

- (xvi) Luaigh athrú **amháin** i gcúrsaí feirmeoireachta sa Réabhlóid Talmhaíochta sa Bhreatain.

..... (6)

- (xvii) Scríobh síos fíric **amháin** mar gheall ar Éirí Amach na Cásca, 1916.

#### NÓ

Luaigh athrú **amháin** i gcúrsaí cumarsáide in Éirinn ó 1945 i leith.

.....  
..... (6)

- (xviii) Ainmnigh ceannaire polaitíochta **amháin** i dTuaisceart Éireann ó 1920 i leith.

#### NÓ

Luaigh athrú **amháin** i ról na mban ó 1945 i leith.

.....  
..... (6)

- (xix) Ainmnigh ceannaire **amháin** as *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois* agus ainmnigh an tír a shamhlaíonn tú leis an gceannaire sin.

Ceannaire.....  
Tír..... (6)

- (xx) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a bhaineann le *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*.

*Uileloscadh; Ollchumhacht; Coilíneacht; Cómhargadh.*

.....  
..... (6)

[Thall

**4. PEARSANA SA STAIR**  
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid le cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine ó shibhialtacht ársa a ainmníonn tú, lasmuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA: \* Bia agus éadaí  
\* Tithíocht  
\* Obair  
\* Gnásanna adhlactha (25)

(ii) **Ridire i gcaisleán sa Mheánaois.**

LEIDEANNA: \* Traenáil  
\* Éadaí agus airm  
\* An saol mar a bhí ag lucht an chaisleáin  
\* Túrnamintí agus giústáil (25)

(iii) **Taiscéalái a ainmníonn tú a bhí ina cheannaire ar thuras fionnachtana.**

LEIDEANNA: \* Cúiseanna leis an turas  
\* Ullmhúcháin don turas  
\* Dálaí maireachtála ar bord i rith an turais  
\* Torthaí an turais (25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid le cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Coilíneach a fuair talamh in Éirinn i rith ceann de na plandálacha sa 16ú nó sa 17ú haois.**

LEIDEANNA: \* Ainm an cheantair inar chuir sé faoi  
\* Rialacha do na coilínigh  
\* Gnásanna nua a thug na coilínigh isteach leo  
\* An teagmháil a bhí aige leis na Gaeil a bhí ann roimhe (25)

(ii) **Oibrí i monarcha nó oibrí i mianach i Sasana timpeall 1850.**

LEIDEANNA: \* Dálaí oibre  
\* Dálaí maireachtála  
\* Sláinte agus bia  
\* Caitheamh aimsire agus cúrsaí siamsa (25)

(iii) **Ceannaire rialtais in Éirinn ó 1920 i leith.**

LEIDEANNA: \* Ainm an cheannaire  
\* Deacrachtaí a bhí le sárú ag an rialtas  
\* Beartais a bhí ag a rialtas  
\* Torthaí na mbeartas sin

**NÓ**

**Duine aosta ag caint faoi athruithe sóisialta in Éirinn sa 20ú haois.**

LEIDEANNA: \* Athruithe faoin tuath  
\* Athruithe sna bailte móra  
\* Athruithe i gcúrsaí fóillíochta agus i gcúrsaí siamsa  
\* Athruithe i gcúrsaí iompair (25)